



An Bhruiséil, 13 Meitheamh 2022  
(OR. fr, en)

9745/22

ECOFIN 541  
UEM 144  
SOC 336  
EMPL 218  
COMPET 438  
ENV 536  
EDUC 209  
RECH 332  
ENER 247  
JAI 799  
GENDER 81  
ANTIDISCRIM 61  
JEUN 92  
SAN 335

## NÓTA

---

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle  
chuig: Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle

---

Uimh. an doic. ón gCoim.: 9404/22 - COM(2022) 606 final

---

Ábhar: Moladh le haghaidh MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le Clár Náisiúnta 2022 um Athchóiriú de chuid na Gearmáine agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta 2022 de chuid na Gearmáine

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an dréachtmholadh thuasluaite ón gComhairle, arna athbhreithniú agus arna chomhaontú ag coistí éagsúla de chuid na Comhairle, bunaithe ar thogra COM (2022) 606 final ón gCoimisiún.

## MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

an ...

**maidir le Clár Náisiúnta 2022 um Athchóiriú de chuid na Gearmáine agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta 2022 de chuid na Gearmáine**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 121(2) agus 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú<sup>1</sup>, a neartú, agus go háirithe Airteagal 5(2) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú<sup>2</sup>, agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

---

<sup>1</sup> IO L 209, 2.8.1997, lch. 1.

<sup>2</sup> IO L 306, 23.11.2011, lch. 25.

- (1) Tháinig Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>3</sup>, lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, cuirtear tacaíocht airgeadais ar fáil chun athchóirithe agus infheistíocht a chur chun feidhme, ar athchóirithe agus infheistíocht í a mhaoiníonn an tAontas ó thaobh buiséid de. Cuireann sé leis an téarnamh eacnamaíoch agus le cur chun feidhme athchóirithe inbhuanaithe a chuireann leis an bhfás agus le hinfeistíocht, go háirithe chun na haistrithe glasa agus digiteacha a chur chun cinn, agus athléimneacht agus fás ionchasach gheilleagair na mBallstát a neartú ag an am céanna. Cuidíonn sé freisin le hairgeadais phoiblí inbhuanaithe a neartú agus le borradh a chur faoi fhás agus faoi chruthú post sa mheántearma agus san fhadtearma. Tabharfar an ranníocaíocht uasta airgeadais in aghaidh an Bhallstáit faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta cothrom le dáta i mí an Mheithimh 2022, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241.

---

<sup>3</sup> Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

(2) An 24 Samhain 2021, ghlac an Coimisiún an Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe, rud a chur tús le Seimeastar Eorpach 2022 le haghaidh comhordú beartais eacnamaíoch. Thug sí aird chuí ar Ghealltanas Sóisialta Porto a síníodh an 7 Bealtaine 2021 chun Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a d'fhógair Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún an 17 Samhain 2017 a chur chun feidhme a thuilleadh. D'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach tosaíochtaí Shuirbhé Bliantúil 2022 don Fhás Inbhuanaithe an 25 Márta 2022. An 24 Samhain 2021, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún freisin an Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh inar shainaithin sé an Ghearmáin mar cheann de na Ballstáit a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ar an dáta céanna, ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro agus togra le haghaidh Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2022, lena ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirínte Fostaíochta agus ar phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro<sup>4</sup> ('Moladh 2022 maidir leis an limistéir euro') an 5 Aibreán 2022 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht an 14 Márta 2022.

---

<sup>4</sup> Moladh ón gComhairle an 5 Aibreán 2022 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (IO C 153, 7.4.2022, lch. 1).

- (3) Le hionradh na Rúise ar an Úcráin, i ndiaidh na paindéime domhanda, tá athrú suntasach tagtha ar an gcomhthéacs geopholaitiúil agus eacnamaíoch. Tá tionchar an ionraidh ar gheilleagair na mBallstát le sonrú, *inter alia*, trí phraghsanna fuinnimh, bia agus amhábhair níos airde, agus trí ionchais fáis níos laige. Luíonn na praghsanna fuinnimh go trom, go háirithe, ar na teaghlaigh is leochailí a bhfuil cónaí orthu i mbochtaineacht fuinnimh nó atá i mbaol na bochtaineachta fuinnimh, chomh maith leis na gnólachtaí is leochailí ó thaobh praghsanna fuinnimh de. Tá rabharta daoine ag teacht isteach atá ag teitheadh ón Úcráin gan fasach le feiceáil san Aontas freisin. Bhí tionchar neamhshiméadrach ag na héifeachtaí eacnamaíocha, a d’eascair as cogadh foghach na Rúise, ar na Ballstáit. Sa chomhthéacs sin, an 4 Márta 2022, le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle<sup>5</sup>, cuireadh Treoir 2001/55/CE ón gComhairle<sup>6</sup> i ngníomh den chéad uair, lena dtugtar an ceart chun fanacht go dleathach san Aontas do dhaoine easáitithe ón Úcráin, chomh maith le rochtain ar oideachas agus oiliúint, ar mhargadh an tsaothair, ar chúram sláinte, ar thithíocht agus ar leas sóisialta.

---

<sup>5</sup> Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle an 4 Márta 2022 lena mbunaítear gurb ann d’insreabhadh ollmhór daoine easáitithe ón Úcráin de réir bhrí Airteagal 5 de Threoir 2001/55/CE, agus a bhfuil d’éifeacht aige cosaint shealadach a thabhairt isteach (IO L 71, 4.3.2022, lch. 1).

<sup>6</sup> Treoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001 maidir le caighdeáin íosta chun cosaint shealadach a thabhairt i gcás insreabhadh ollmhór daoine easáitithe agus maidir le bearta lena gcuirtear cothromaíocht iarrachtaí chun cinn idir na Ballstáit agus na daoine sin á nglacadh isteach acu agus na hiarmhairtí lena mbaineann á mbraistint (IO L 212, 7.8.2001, lch. 12).

- (4) Agus an staid eacnamaíoch agus gheopholaitiúil atá ag athrú go tapa á cur san áireamh, athbhunaíonn an Seimeastar Eorpach a bheartas eacnamaíoch agus fostaíochta ar bhonn leathan in 2022, agus forbraítear é ag an am céanna i gcomhréir le ceanglais chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, mar a leagtar amach sa Suirbhé Bliantúil Fáis Inbhuanaithe 2022. Tá cur chun feidhme na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta a glacadh rithábhachtach chun cuspóirí comhordaithe an bheartais eacnamaíoch faoin Seimeastar Eorpach a bhaint amach, ós rud é go dtugtar aghaidh sna pleananna ar fhothacar suntasach ar a laghad de na moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh i dtimthriallta Sheimeastar Eorpach 2019 agus 2020. Tá na moltaí tírshonracha in 2019 agus in 2020 fós chomh ábhartha céanna maidir le pleananna téarnaimh agus athléimneachta arna n-athbhreithniú, arna dtabhairt cothrom le dáta nó arna leasú i gcomhréir le hAirteagail 14, 18 agus 21 de Rialachán (AE) 2021/241, sa bhreis ar aon mholtaí tírshonracha arna n-eisiúint suas go dtí an dáta a chuirtear isteach pleananna téarnaimh agus athléimneachta den sórt sin atá athbhreithnithe, nuashonraithe nó leasaithe.
- (5) Tá clásal éalaithe ginearálta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis gníomhach ó Mhárta 2020. I dTeachtaireacht uaidh an 3 Márta 2021 dar teideal *One year since the outbreak of COVID-19* [aon bhliain amháin ó thosaigh COVID-19: freagairt an bheartais fhioscaigh], leag an Coimisiún amach a thuairim gur cheart an cinneadh maidir le clásal ginearálta éalaithe a dhíghníomhachtú nó a chur i bhfeidhm go leanúnach a dhéanamh mar mheasúnú foriomlán ar staid an gheilleagair, agus leibhéal na gníomhaíochta eacnamaíche san Aontas nó sa limistéar euro i gcomparáid leis an leibhéal réamh-ghéarchéime (deireadh 2019) mar phríomhchritéar cainníochtúil. Mar gheall ar éiginnteacht mhéadaithe agus rioscaí láidre taobh thiar den ionchas eacnamaíoch i gcomhthéacs an chogaidh san Eoraip, is gá clásal éalaithe ginearálta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a leathnú go gcuirfear síneadh le clásal éalaithe ginearálta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis le linn 2023.

- (6) De réir an chur chuige atá sa Mholadh ón gComhairle an 18 Meitheamh 2021<sup>7</sup> ina dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta 2021 na Gearmáine, is fearr an staid fhioscach fhoriomlán a thomhas mar an t-athrú ar chaiteachas príomha (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim agus gan bearta sealadacha éigeandála a bhaineann le géarchéim COVID-19 a áireamh), ach caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ó chistí eile de chuid an Aontais a áireamh, i gcoibhneas leis an bhfás féideartha meántéarmach<sup>8</sup>. Agus níos faide ná an staid fhioscach fhoriomlán, d'fhonn a mheas an bhfuil an beartas fioscach náisiúnta stuama agus an bhfuil a chomhdhéanamh fabhrach do théarnamh inbhuanaithe a bheidh comhsheasmhach leis na haistrithe glasa agus digiteacha, tabharfar aird freisin ar an éabhlóid ar phríomhchaiteachas reatha<sup>9</sup> arna maoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim agus gan bearta sealadacha éigeandála a bhaineann le géarchéim COVID-19 a áireamh) agus ar an infheistíocht.

---

<sup>7</sup> Moladh ón gComhairle an 18 Meitheamh 2021 lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta 2021 na Gearmáine (IO C 304, 29.7.2021, lch. 18).

<sup>8</sup> Is meastacháin ón gCoimisiún iad na meastacháin ar an staid fhioscach agus a chomhpháirteanna sa Mholadh seo bunaithe ar na toimhdí is bunús le réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún. Sna meastacháin ón gCoimisiún ar fhás ionchasach meántéarmach, ní áirítear tionchar dearfach na n-athchóirithe atá mar chuid den phlean don téarnamh agus don athléimneacht agus lena bhféadfar borradh a chur faoin bhfás a d'fhéadfadh a bheith ann.

<sup>9</sup> Ní mhaoinítear iad le deontais faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ná le cistí eile de chuid an Aontais.

- (7) An 2 Márta 2022, ghlac an Coimisiún teachtaireacht lena gcuirtear treoir leathan ar fáil maidir le beartas fioscach in 2023 ('an treoir fhioscach') a raibh sé mar aidhm léi tacú le hullmhú Chláir na mBallstát um Chobhsaíocht agus um Chóineasú agus comhordú beartais a neartú ar an gcaoi sin. Thug an Coimisiún dá aire, go mbeadh sé iomchuí in 2023, ar bhonn an ionchas maicreacnamaíoch a bhí ann i réamhaisnéis gheimhridh 2022, aistriú ó sheasamh fioscach comhiomlán tacaíochta in 2020–2022 go staid chomhiomlán fhioscach a bheadh neodrach tríd is tríd, agus go bhfuil sé réidh chun freagairt don staid eacnamaíoch atá ag teacht chun cinn. D'fhógair an Coimisiún gur cheart leanúint de dhifreáil a dhéanamh idir na moltaí fioscacha do 2023 idir na Ballstáit agus iarmhairtí trastíortha a d'fhéadfadh a bheith ann a chur san áireamh. D'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit an treoir ina gCláir um Chobhsaíocht agus um Chóineasú a léiriú. Gheall an Coimisiún go ndéanadh sé dlúthfhaireachán ar na forbairtí eacnamaíocha agus go n-athróidh sé a threoir beartais de réir mar is gá agus ar a dhéanaí ina phacáiste earraigh den Seimeastar Eorpach a bheidh ann ag deireadh mhí na Bealtaine 2022.
- (8) Maidir leis an treoir fhioscach, cuirtear san áireamh sna moltaí fioscacha do 2023 an t-ionchas eacnamaíoch atá ag dul in olcas, an éiginnteacht mhéadaithe agus rioscaí níos ísle, agus an boilsciú níos airde i gcomparáid le réamhaisnéis gheimhridh 2022 ón gCoimisiún. I bhfianaise na mbreithnithe sin, ní mór don fhreagairt fhioscach infheistíocht phoiblí a leathnú i gcomhair na n-aistrithe glasa agus digiteacha agus na slándála fuinnimh, agus cumhacht ceannaigh na dteaghlach is leochailí a choimeád ar bun chun tionchar na dteithe praghsanna fuinnimh a mhaolú agus chun an brú boilscithe a theorannú ón dara babhta trí bhearta spriocdhírithe agus sealadacha. Ní mór don bheartas fioscach leanúint de bheith ag dul in oiriúint do na cúinsí atá ag athrú go tapa, lena n-áirítear dúshlán a eascraíonn as cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine maidir le cosaint agus slándáil, agus ní mór dó idirdhealú a dhéanamh idir na Ballstáit de réir a staide fiosaí agus eacnamaíche, lena n-áirítear maidir lena nochtadh don ghéarchéim agus maidir le rabhartaí daoine easáitithe ón Úcráin.

- (9) An 28 Aibreán 2021, chuir an Ghearmáin a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin. An 13 Iúil 2021, ghlac an Chomhairle a Cinneadh Cur Chun Feidhme maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Ghearmáin a fhorhneas<sup>10</sup>. Tá scaoileadh na dtráthchodanna ag brath ar chinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24(5) de Rialachán (AE) 2021/241, cinneadh ina luaitear go bhfuil an Ghearmáin tar éis na ngarspriocanna agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a chomhlíonadh go sásúil. Glactar leis, trí na clocha míle agus na spriocanna sin a bheith comhlíonta go sásúil, nach ndeachthas siar ar ghnóthú na gcloch míle agus na spriocanna a gnóthaíodh roimhe sin.
- (10) An 2 Bealtaine 2022, thíolaic an Ghearmáin a Clár Náisiúnta 2022 um Athchóiriú agus, an 27 Aibreán 2022, a Clár Cobhsaíochta 2022 i gcomhréir leis an spriocdháta a bunaíodh in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97. Rinneadh measúnú ar an dá chláir le chéile chun na naisc eatarthu a chur san áireamh. I gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241, léiríonn Clár Náisiúnta um Athchóiriú 2022 freisin tuairisciú débhlíantúil na Gearmáine ar an dul chun cinn atá déanta maidir lena plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme.

---

<sup>10</sup> 10158/2021; 10158/2021 ADD.

- (11) D'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2022 maidir leis an nGearmáin an 23 Bealtaine 2022. Rinneadh measúnú inti ar an dul chun cinn atá déanta ag an nGearmáin maidir le haghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha a ghlac an Chomhairle in 2019, 2020 agus 2021, agus breathnaíodh ar chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta ag an nGearmáin, ag tógáil ar an scórchlár téarnaimh agus athléimneachta. Ar bhonn na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre bearnaí i ndáil leis na dúshláin sin nach dtugtar aghaidh orthu, nó nach dtugtar aghaidh orthu ach i bpáirt, leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta, chomh maith le dúshláin nua agus dúshláin atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear na dúshláin sin a eascraíonn as ionradh na Rúise ar an Úcráin. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na Gearmáine maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ar spriocanna ceannlíne an Aontais maidir le fostaíocht, laghdú scileanna agus laghdú bochtaineachta a bhaint amach, chomh maith le dul chun cinn maidir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.
- (12) Rinne an Coimisiún grinn-athbhreithniú faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 le haghaidh na Gearmáine agus d'fhoilsigh sé a thorthaí an 23 Bealtaine 2022. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha ag an nGearmáin. Go háirithe, baineann leochaileachtaí le barrachas leanúnach mór sa chuntas reatha, rud a léiríonn infheistíocht lag i gcomparáid le coigilteas, agus tá ábharthacht trasteorann ag baint leo.
- (13) An 27 Aibreán 2022, thíolaic an Ghearmáin Dréachtphlean Buiséadach nua don bhliain 2022. Thug an Coimisiún tuairim maidir leis an bplean sin i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>11</sup>.

---

<sup>11</sup> Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le forálacha coiteanna le haghaidh faireachán agus measúnú ar dhréachtphleananna buiséadacha agus lena n-áirithítear easnamh iomarcach na mBallstát sa limistéar euro a cheartú (IO L 140, 27.5.2013, lch. 11).

- (14) An 23 Bealtaine 2022, d'eisigh an Coimisiún tuarascáil faoi Airteagal 126(3) den Chonradh. Pléadh staid bhuiséadach na Gearmáine sa tuarascáil sin, ós rud é gur sháraigh a heasnamh ginearálta rialtais in 2021 luach tagartha an Chonartha, arb é 3 % den olltáirgeacht intíre (OTI) é. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil nár comhlíonadh critéar an easnaimh. I gcomhréir le teachtaireacht an 2 Márta 2022, níor mhol an Coimisiún nósanna imeachta nua maidir le heasnamh iomarcach a oscailt in earrach na bliana 2022 agus déanfaidh sé athmheasúnú ar cibé acu an mbeidh sé riachtanach nó nach mbeidh a mholadh go gcuirfí tús le nósanna imeachta den sórt sin i bhfómhar 2022.
- (15) I Moladh uaithi an 20 Iúil 2020<sup>12</sup>, mhol an Chomhairle don Ghearmáin na bearta uile is gá a dhéanamh in 2020 agus 2021, i gcomhréir leis an gclásal éalaithe ginearálta, chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar phaindéim COVID-19, chun an geilleagar a chothú agus chun tacú leis an téarnamh ina dhiaidh sin. Mhol sí freisin go saothródh an Ghearmáin, nuair a cheadaíonn na dálaí eacnamaíocha, beartais fhioscacha arb é is aidhm dóibh seasaimh fhioscacha mheántéarmacha stuama a bhaint amach agus inbhuanaitheacht fiachais a áirithiú, agus an infheistíocht a fheabhsú ag an am céanna. In 2021, de réir na sonraí a bhailíochtaigh Eurostat, thit easnamh ginearálta rialtas na Gearmáine ó 4,3 % de OTI in 2020 go 3,7 %. Thacaigh freagairt an bheartais fhioscaigh ón nGearmáin leis an téarnamh eacnamaíoch in 2021, agus tháinig méadú ar bhearta sealadacha éigeandála ó 2,7 % de OTI in 2020 go 4,2 % in 2021. Bhí na bearta a ghlac an Ghearmáin in 2021 i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle an 20 Iúil 2020. Den chuid is mó, bhí na bearta buiséadacha lánroghnacha a ghlac an rialtas in 2020 agus 2021 sealadach nó comhoiriúnaithe le bearta fritháirimh. An tráth céanna, ní raibh roinnt de na bearta lánroghnacha a ghlac an rialtas le linn na tréimhse 2020 go 2021 sealadach ná comhoiriúnaithe le bearta fritháirimh, agus is éard atá i gceist go príomha ná méadú ar liúntais teaghlaigh amhail an liúntas linbh agus liúntas saor ó cháin leanaí chomh maith le méadú ar dheiseanna dímheasa. De réir na sonraí a bhailíochtaigh Eurostat, tháinig méadú ar fhiachas ginearálta an rialtais ó 68,7 % de OTI in 2020 go 69,3 % de OTI in 2021.

---

<sup>12</sup> Moladh ón gComhairle an 20 Iúil 2020 maidir le Clár Náisiúnta 2020 um Athchóiriú de chuid na Gearmáine agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta 2020 de chuid na Gearmáine (IO C 282, 26.8.2020, lch. 27).

(16) Tá an cás maicreacnamaíoch atá mar bhuntaca leis na réamh-mheastacháin bhuiséadacha i gClár Cobhsaíochta 2022 fabhrach in 2022 agus réadúil ina dhiaidh sin. Tá sé tuartha ag an rialtas go méadóidh fíor-OTI faoi 3,6 % in 2022 agus 2,3 % in 2023. I gcomparáid leis sin, tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún go mbeadh fíorfhás OTI níos ísle de 1,6 % in 2022 agus 2,4 % mar a bhí in 2023. Is é is cúis leis an difríocht sin, den chuid is mó, scoithdhátaí éagsúla na réamh-mheastachán, rud a bhí, i gcás an Chláir Chobhsaíochta, roimh thús chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine nuair a bhí ionchas fáis na bliana 2022 níos dóchasaí fós. Ina Chlár Cobhsaíochta 2022, tá an rialtas ag súil go bhfanfaidh an t-easnamh ceannlíne ag 3¾ % de OTI in 2022 agus go laghdófar é go 2 % in 2023. Léiríonn an leibhéal comhchosúil in 2022 den chuid is mó bearta éigeandála leanúnacha i ngeall ar phaindéim, caiteachas méadaithe ar chosaint agus bearta i gcoinne praghsanna fuinnimh méadaithe mar fhreagairt ar an gcogadh san Úcráin mar aon le caiteachas breise agus infheistíocht bhreise san aistriú glas. De réir Chlár Cobhsaíochta 2022, táthar ag súil go dtiocfaidh laghdú ar chóimheas fiachais ghinearálta an rialtais le OTI go 66¾ % in 2022, agus go 65¾ % in 2023. Bunaithe ar bhearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún easnamh rialtais do 2022 agus 2023 de 2,5 % de OTI agus 1,0 % faoi seach. Tá sé sin níos ísle ná an t-easnamh atá tuartha i gClár Cobhsaíochta 2022 don bhliain 2022 agus 2023, go príomha mar gheall ar réamh-mheastacháin ioncaim chánach atá beagán níos ísle bunaithe ar ríomhanna cúramach i mí na Samhna 2021 agus ionchais níos dearfaí maidir le fóirdheontais agus infheistíocht phoiblí a chur chun feidhme sa Chlár. I réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún, tuartar go mbeidh cóimheas fiachais ghinearálta an rialtais le OTI ar aon dul le 66,4 % in 2022 agus go mbeidh sé níos ísle de 64,5 % in 2023. Is é an difríocht mar gheall ar difríocht den chineál céanna sa réamhaisnéis easnamh. De réir réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún, is é 1,1 % an fás aschuir féideartha measta sa mheántearma (meán 10 mbliana). Mar sin féin, ní áirítear sa mheastachán sin tionchar na n-athchóirithe atá mar chuid den phlean téarnaimh agus athléimneachta agus lena bhféadfar borradh a chur faoi fhás ionchasach na Gearmáine.

(17) In 2022, chuir an rialtas deireadh le formhór na mbeart a glacadh mar fhreagairt ar ghéarchéim COVID-19, sa chaoi is go meastar go laghdóidh na bearta sealadacha éigeandála ó 4,2 % de OTI in 2021 go 1,2 % in 2022. Tá an t-easnamh rialtais faoi thionchar na mbeart a glacadh chun dul i ngleic le tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh, rud a mheastar i réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún ag 0,7 % de OTI in 2022 agus meastar go gcuirfi deireadh leo de réir a chéile in 2023.<sup>13</sup> Is éard atá sna bearta sin den chuid is mó fóirdheontas spriocdhírithé do chostais téimh; dul chun cinn ar dhíothú an tobhaigh le haghaidh fuinnimh inathnuaite (*EEG-Umlage*); dul chun cinn maidir le méadú ar an liúntas comaitéara (*Pendlerpauschale*); laghdú ar an gcáin fuinnimh ar bhreoslaí go ceann 3 mhí; íocaíocht aonuaire cnapshuime fuinnimh (*Energiepreispauschale*) agus forlíonadh i leith gach linbh; íocaíocht cnapshuime aonuaire le glacadóirí cúnamh shóisialaigh; agus ticéad míosúil don iompar poiblí áitiúil ar phraghas laghdaithe ar feadh 3 mhí. Fógraíodh na bearta sin mar bhearta sealadacha. Mar sin féin, i gcás ina bhfanfaidh praghsanna fuinnimh ag leibhéal ardaithe in 2023, d'fhéadfaí leanúint le cuid de na bearta sin. Níl roinnt de na bearta sin spriocdhírithé, go háirithe an méadú ar an liúntas do chomaitéirí agus laghdú ar an gcáin fuinnimh ar bhreoslaí. Tá tionchar freisin ar an easnamh rialtais ag na costais a bhaineann le cosaint shealadach a thabhairt do dhaoine easáitithe ón Úcráin, atá tuartha i réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún ag 0,1 % de OTI in 2022 agus 0,2 % de OTI in 2023<sup>14</sup>, chomh maith leis an gcostas méadaithe 0,4 % de OTI in 2022 agus 0,5 % in 2023 ar chaiteachas cosanta.

---

<sup>13</sup> Is ionann na figiúirí agus leibhéal chostais bhuiséadacha bhliantúla na mbeart sin a rinneadh ó fhómhar 2021, lena n-áirítear ioncam agus caiteachas reatha chomh maith le – i gcás inarb ábhartha – bearta caiteachais chaipitil.

<sup>14</sup> Glactar leis go mbeidh líon iomlán na ndaoine easáitithe ón Úcráin go dtí an tAontas Eorpach chomh hard le 6 mhilliún duine de réir a chéile faoi dheireadh 2022, agus meastar a ndáileadh geografach bunaithe ar mhéid an diaspóra atá ann cheana, ar dhaonra coibhneasta an Bhallstáit ghlactha, agus ar dháileadh iarbhir na ndaoine easáitithe ón Úcráin ar fud an Aontais ó mhí an Mhárta 2022. I gcás costais bhuiséadacha in aghaidh an duine, tá meastacháin bunaithe ar shamhail mhicreashamhlú Euromod Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin, agus an dá aistriú airgid á gcur san áireamh d'fhéadfadh daoine a bheith incháilithe do shochair chomhchineáil, amhail oideachas agus cúram sláinte.

- (18) Ina Moladh an 18 Meitheamh 2021, mhol an Chomhairle go gcoinneodh an Ghearmáin staid fhioscach tacúil in 2022, lena n-áirítear an spreagadh a cuireadh ar fáil leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, agus go gcaomhnódh sí infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta. Mhol an Chomhairle freisin go saothródh an Ghearmáin, nuair is féidir sin sna dálaí eacnamaíocha, beartas fioscach atá dírithe ar shuíomhanna fioscacha stuama meántéarmacha a bhaint amach agus an inbhuanaitheacht fhioscach a áirithiú sa mheántearma, agus an tráth chéanna, feabhas a chur ar an infheistíocht chun borradh a chur faoin acmhainneacht fáis.

(19) In 2022, bunaithe ar réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún agus lena n-áirítear an fhaisnéis a ionchorpraítear i gClár Cobhsaíochta 2022 na Gearmáine, meastar go mbeidh an staid fhioscach tacúil ag -1,6 % de OTI, mar a mhol an Chomhairle<sup>15</sup>. Tá sé beartaithe ag an nGearmáin tacaíocht leanúnach a thabhairt don téarnamh trí leas a bhaint as an tSaoráid don Téarnamh agus don Athléimneacht chun infheistíocht bhreise a mhaoiniú mar a mhol an Chomhairle. Meastar go bhfanfaidh an ranníocaíocht dhearfach le gníomhaíocht eacnamaíoch de chaiteachas arna mhaoiniú ag deontais faoin tSaoráid um Théarnamh agus um Athléimneacht agus faoi chistí eile de chuid an Aontais cobhsaí i gcomparáid le 2021. Tuairtar go gcuirfidh infheistíocht atá maoinithe go náisiúnta ranníocaíocht mhéadaitheach ar fáil don staid fhioscach de 0.2 pointe céatadán in 2022<sup>16</sup>. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe ag an nGearmáin infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta a chaomhnú, mar a mhol an Chomhairle. Ag an am céanna, meastar go soláthróidh an fás ar chaiteachas reatha príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta nua ioncaim) in 2022 ranníocaíocht fhorleathnaithe dar méid 1,5 pointe céatadán don seasamh fioscach foriomlán. Áirítear ar an rannchuidiú suntasach leathnaithe sin tionchar breise na mbeart chun aghaidh a thabhairt ar an tionchar eacnamaíoch agus sóisialta a bheidh ag an méadú ar phraghsanna fuinnimh (0,7 % de OTI) chomh maith leis na costais a bhaineann le cosaint shealadach a thabhairt do dhaoine easáitithe ón Úcráin (0,1 % de OTI), agus meastar freisin go gcuirfear leis an gcaiteachas breise don aistriú glas (0,2 % de OTI) leis an bhfás ar ghlanchaiteachas reatha.

---

<sup>15</sup> Freagraíonn comhartha diúltach den táscaire do bharrachas fáis ar chaiteachas príomhúil i gcomparáid le fás eacnamaíoch meántéarmach, lena léirítear beartas fioscach forleathnaitheach.

<sup>16</sup> Réamh-mheastar go soláthróidh caiteachas caipitil eile arna mhaoiniú go náisiúnta ranníocaíocht chrapthach dar méid 0,1 pointe céatadán de OTI.

- (20) In 2023, tuartar go mbeidh an seasamh fioscach i réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún dar méid 0,6 % de OTI ar an mbonn nach mbeidh aon athrú beartais ann<sup>17</sup>. Meastar go leanfaidh an Ghearmáin d'úsáid a bhaint as na deontais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta in 2023 chun infheistíocht bhreise a mhaoiniú chun tacú leis an téarnamh. Meastar go laghdófar de 0,1 pointe céatadáin OTI i gcomparáid le 2022 an ranníocaíocht dhearfach le gníomhaíocht eacnamaíoch de chaiteachas arna mhaoiniú ag deontais faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus cistí eile de chuid an Aontais. Tuartar go gcuirfidh infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta ranníocaíocht mhéadaitheach ar fáil don staid fhioscach de 0,1 pointe céatadáin in 2023<sup>18</sup>. Ag an am céanna, meastar go soláthróidh an méadú ar chaiteachas reatha príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta nua ioncain) in 2023 ranníocaíocht chraptha dar méid 0.7 pointe céatadáin don seasamh fioscach foriomlán. Áirítear leis sin an tionchar ó dheireadh a chur de réir a chéile leis na bearta lena dtugtar aghaidh ar phraghsanna méadaithe fuinnimh (0,7 % de OTI) agus costais bhreise chun cosaint shealadach a thabhairt do dhaoine easáitithe ón Úcráin (0,05 % de OTI) i gcomparáid le 2022.
- (21) I gClár Cobhsaíochta 2022, meastar go dtiocfaidh laghdú de réir a chéile ar easnamh ginearálta an rialtais go dtí 1¾% de OTI in 2024 agus go 1 % faoi 2025. Glactar leis sna réamh-mheastacháin sin go bhfuil ioncam an rialtais ag méadú mar chéatadán de OTI, agus meastar go bhfanfaidh caiteachas an rialtais mar chéatadán de OTI réasúnta cobhsaí. De réir Chlár Cobhsaíochta 2022, táthar ag súil go laghdóidh cóimheas fiachais ghinearálta an rialtais le OTI faoi 2025, go háirithe le laghdú go 65¾ % in 2024, agus laghdú go 65 % in 2025. De réir anailís an Choimisiúin, is cosúil gur rioscaí ísle iad na rioscaí maidir le hinbhuanaitheacht fiachais sa mheántéarma.

---

<sup>17</sup> Freagraíonn comhartha dearfach den táscaire d'easnamh fáis ar chaiteachais príomhúil i gcomparáid le fás eacnamaíoch meántéarmach, lena léirítear beartas fioscach crapthach.

<sup>18</sup> Réamh-mheastar go gcuirfidh caiteachas caipitil eile arna mhaoiniú go náisiúnta ranníocaíocht neodrach ar fáil.

- (22) Beidh tionchar mór ag aosú, agus ag géarú an mhargaidh saothair, ar an nGearmáin sna blianta amach romhainn. Sroichfidh an aois scoir reachtúil 67 mbliana in 2031, ach tá gá le tuilleadh coigeartuithe ar chóras na bpinsean chun inbhuanaitheacht chóras na bpinsean a áirithiú san fhadtéarma, agus leordhóthanacht á caomhnú. Bheadh dreasachtaí oibre níos láidre ag teastáil freisin d'fhonn margadh an tsaothair a dhéanamh níos doichte. Mar thoradh ar thiomantas an rialtais uasteorainn a choimeád ar an ráta ranníocaíochta pinsin sa tréimhse reachtach seo agus ar an íosráta athsholáthair ioncaim a dhaingniú, meastar go mbeidh aistrithe fioscacha suntasacha ann, rud a mhéadaíonn an t-ualach ar na glúine níos óige. Tá teipthe ar phinsin phríobháideacha Stát-fhóirdheontais (*Riester Rente*) ról substaintiúil a imirt i meascán na bpinsean. Tá na tuairisceáin íseal agus tá na costais riaracháin ard. Go háirithe, ní féidir le saothraithe ioncaim ísil coigiltis leordhóthanacha scoir a bhaint amach.
- (23) Tá an córas cánach ag brath go mór ar ioncam ó cháin saothair agus níl na boinn chánach chomh díobhálach céanna don fhás cuimsitheach go fóill. Tá an ding chánach saothair sa Ghearmáin ar cheann de na cinn is airde san Aontas. Laghdaíonn sé sin pá sa bhaile agus cruthaíonn sé dídhreasachtaí chun uaireanta an chloig oibríthe a mhéadú do ghrúpaí áirithe amhail saothraithe ísealioncaim agus meánioncaim agus an dara saothraí; gníomhaíonn sé sin i gcoinne úsáid níos fearr a bhaint as an acmhainneacht saothair fiú agus ganntanas lucht saothair ag laghdú. Tá an t-ioncam ó chánacha comhshaoil réasúnta íseal, agus baineann fóirdheontais atá díobhálach don chomhshaoil (lena n-áirítear laghduithe cánach agus díolúintí cánach) an bonn ó spriocanna inbhuanaitheachta comhshaoil agus gníomhú in aghaidh dícharbónú, éifeachtúlacht fuinnimh agus úsáid an fhuinnimh inathnuaite.

- (24) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/241 agus critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta sraith fhairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisiónn a chéile agus a bhfuil amchlár táscach ag gabháil leo maidir lena gcur chun feidhme a bheidh le tabhairt chun críche faoin 31 Lúnasa 2026. Cuidítear, leis sin, le dul i ngleic leis na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta ar fad nó le fothacar suntasach de na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a leagtar amach sna moltaí tírshonracha a chuir an Chomhairle faoi bhráid na Gearmáine sa Seimeastar Eorpach in 2019 agus 2020, chomh maith le haon mholtaí tírshonracha a eisíodh go dtí an dáta a ghlacfar plean téarnaimh agus athléimneachta. Go háirithe, cuidíonn sé le haghaidh a thabhairt ar an ngá atá le borradh a chur faoin infheistíocht phoiblí agus phríobháideach, go háirithe do na haistrithe glasa agus digiteacha, in iompar inbhuanaithe, i gcórais fuinnimh atá glan, éifeachtúil agus comhtháite, i ndigitíú an riaracháin phoiblí agus na seirbhísí sláinte, san oideachas, agus sa taighde agus sa nuálaíocht.
- (25) Tá coinne leis go gcuideoidh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gearmáine le breis dul chun cinn a dhéanamh ar na haistrithe glasa agus digiteacha. Is ionann bearta chun tacú le cuspóirí aeráide sa Ghearmáin agus 42 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta, agus is ionann bearta lena dtacaítear le cuspóirí digiteacha agus 52 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta. Cur chun feidhme iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir leis na clocha míle agus na spriocanna ábhartha, sin rud a chuideoidh leis an nGearmáin téarnamh go tapa ó iarmhairtí ghéarchéim COVID-19 agus a hathléimneacht á neartú san am céanna. Tá rannpháirtíocht chórasach na gcomhpháirtithe sóisialta agus na ngeallsealbhóirí ábhartha eile ríthábhachtach i gcónaí chun an plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme go rathúil, chomh maith le beartais eacnamaíocha agus fostaíochta eile a théann níos faide ná an plean téarnaimh agus athléimneachta, chun a áirithiú go mbeidh úinéireacht leathan ar an gclár oibre foriomlán beartais.

(26) Faoin 4 Aibreán 2022, thíolaic an Ghearmáin doiciméid chlársceidealaithe an bheartais chomhtháthaithe dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>19</sup> do na cláir uile de chuid Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (15 chlár), do na cláir uile de chuid Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (16 chlár) agus do chlár measctha de chuid Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa/Chiste Sóisialta na hEorpa Plus. D’fhorghas an Coimisiún an Comhaontú Comhpháirtíochta leis an nGearmáin maidir le cistí beartais chomhtháthaithe a úsáid an 19 Aibreán 2022. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/1060, tá na moltaí tírshonracha ábhartha curtha san áireamh ag an nGearmáin i gclársceidealú chistí bheartas chomhtháthaithe 2021–2027. Is réamhriachtanas é sin chun éifeachtacht na tacaíochta airgeadais atá le fáil ó chistí an bheartais chomhtháthaithe a fheabhsú agus chun uasmhéadú a dhéanamh ar bhreisluach na tacaíochta sin, agus comhordú, comhlántacht agus comhleanúnachas idir cistí an bheartais chomhtháthaithe sin agus ionstraimí agus cistí eile de chuid an Aontais á gcur chun cinn ag an am céanna. Tá cur chun feidhme rathúil na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta agus cláir beartais chomhtháthaithe ag brath freisin ar dheireadh a chur le bacainní ar infheistíocht chun tacú leis na haistrithe glasa agus digiteacha agus le forbairt chríochach chothrom.

---

<sup>19</sup> Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosáí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

- (27) Taobh amuigh de na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a dtugtar aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, tá an Ghearmáin fós tite ar leathanbhanda an-ardtoillte a imscaradh i gceantair thuaithe, áit a bhféadfadh infheistíocht níos láidre feabhas a chur ar fhás táirgiúlachta agus ar an éagothroime idir coigiltis agus infheistíochtaí. Ar an iomlán, chuir an Ghearmáin feabhas mór ar chlúdach leathanbhanda an-ardtoillte le bliain anuas agus tá sí os cionn mheán an Aontais faoi láthair. Mar sin féin, i gceantair thuaithe, bhí an cumhdach 22,5 %, faoi bhun mheán an Aontais de 37,1 %. Ag an am céanna, níl rochtain ach ag 15,4 % de theaghlaigh ar nasc snáithíneach (i gcomparáid le meán an Aontais de 50 %), a chuireann an Ghearmáin i measc na mBallstát ag a bhfuil an clúdach is ísle sna snáithíní, agus ag an am céanna tá clúdach snáithín de 85 % ar a laghad ag na cúig thaibheoirí is fearr san Aontas. Cuirtear leis an easpa nasc snáithíneach i gceantair thuaithe (11,3 % i gcomparáid le meán an Aontais de 33,8 %). Tacaíonn sé sin leis an bhfás ar tháirgiúlacht, go háirithe i gcás gnólachtaí beaga agus meánmhéide, agus tá a lán acu lonnaithe i gceantair thuaithe agus leaththuaithe. Ní chumhdaítear leathnú leathanbhanda agus 5G i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Gearmáine. Tá scéimeanna ar an leibhéal cónaidhme agus réigiúnach arb é is aidhm leo nascacht i gceantair liath agus nascacht mhóibíleach i spotaí bána a fheabhsú. Tá spriocanna uailmhianacha sa chomhaontú comhghuaillíochta maidir le snáithín agus 5G a bheith ar fáil ar fud na tíre do gach teaghlach Gearmánach, ach ní mór an spriocdháta cur chun feidhme a shonrú fós. Beidh an méadú ar phleanáil agus cumas bainistíochta na hinnealtóireachta sibhialta san earnáil phríobháideach agus ar bhainistiú pleanála agus cur chun feidhme san earnáil phoiblí ríthábhachtach le haghaidh seachadadh tráthúil. Chun na spriocanna a bhaint amach, beidh gá freisin le feabhas a chur ar na nósanna imeachta iarratais agus ar na nósanna imeachta deonaithe ceadanna chomh maith le caighdeánú ar theicnící suiteála malartacha nach bhfuil chomh híditeach céanna.
- (28) Mar fhreagairt ar an sainordú ó Cheannairí Stáit nó Rialtais an Aontais a leagtar amach i nDearbhú Versailles, tá sé mar aidhm ag an togra ón gCoimisiún le haghaidh plean REPowerEU deireadh a chur de réir a chéile le spleáchas an Aontais ar allmhairiú breosla iontaise ón Rúis a luaithe is féidir. Chun na críche sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún na tionscadail, na hinfeistíochtaí agus na hathchóirithe is oiriúnaí ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar leibhéal an Aontais a shainaithint i gcomhphlé leis na Ballstáit. Is é is aidhm do na bearta sin an spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus allmhairí breosla iontaise a aistriú ón Rúis.

(29) Tá dúshláin roimh an nGearmáin a bhaineann lena spleáchas ar bhreoslaí iontaise agus ar allmhairí fuinnimh ón Rúis chomh maith leis na creatchoinníollacha le haghaidh infheistíochta i gcóras fuinnimh inbhuanaithe a bheidh go hiomlán comhtháite. De réir sonraí 2020, tá an spleáchas ar allmhairí gáis ón Rúis thar a bheith ard (65 %<sup>20</sup>) agus tá sé níos airde ná meán an Aontais (44 %). Tá an spleáchas ar allmhairí ola ón Rúis níos airde freisin ná meán an Aontais (34 % sa Ghearmáin i gcomparáid le meán an Aontais de 26 %)<sup>21</sup>. Tagann níos mó ná leath de mheascán fuinnimh na Gearmáine ó ghás (26 %) agus ó ola (35 %). Tá impleachtaí díreacha ag an spleáchas sin do thionscal na Gearmáine, arb ionann é agus 35 % de thomhaltas deiridh fuinnimh gáis nádúrtha. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfar dul chun cinn níos tapa maidir le méadú ar eangacha tarchurtha agus dáileacháin agus le húsáid fuinnimh inathnuaite chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, chun spriocanna aeráide agus fuinnimh a bhaint amach agus chun borradh a chur faoin infheistíocht i gcomparáid le coigilteas. Tá gá le hiarrachtaí níos láidre chun soláthairtí fuinnimh agus bealaí fuinnimh a éagsúlú, agus úsáid á baint as na foinsí uile fuinnimh saor ó charbón, go háirithe trí leictreachas agus gáis inathnuaite, lena n-áirítear hidrigin inathnuaite, agus gás nádúrtha leachtaithe a úsáid. Moltar infheistíochtaí nua bonneagair agus líonraí a bhaineann le gás a bheith slán i gcás inar féidir, d'fhonn a n-inbhuanaitheacht fhadtéarmach a éascú trí bhreoslaí inbhuanaithe a chur in ionad breoslaí inbhuanaithe amach anseo. Beidh gá le méadú breise ar an uailmhian maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus chun foinsí inathnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú chun go mbeidh an Ghearmáin ag teacht leis na cuspóirí 'Oiriúnach do 55'. Tá gá le hiarrachtaí chun dlús a chur le dícharbónú an tionscail, feabhas a chur ar na roghanna solúbthachta agus ar an bhfreagairt ó thomhaltóirí fuinnimh ar phraghsanna éagsúla, agus comhtháthú na gcóras fuinnimh a neartú<sup>22</sup>.

---

<sup>20</sup> De réir na sonraí a fuarthas le déanaí ó Aireacht Chónaidhme Gnóthaí Eacnamaíochta agus Gníomhaithe ar son na hAeráide na Gearmáine, tá an sciar d'allmhairí iomlána gáis laghdaithe go 35 %.

<sup>21</sup> Eurostat (2020), sciar allmhairí na Rúise os cionn allmhairí iomlána gáis nádúrtha agus amhola. Do mheán na 27 mBallstát, tá iomlán na n-allmhairí bunaithe ar allmhairí lasmuigh de AE27. I gcás na Gearmáine, áirítear trádáil laistigh den AE ar iomlán na n-allmhairí. Ní fholaíonn amhola táirgí ola scagtha.

<sup>22</sup> Nascann comhtháthú an chórais fuinnimh na hiompróirí fuinnimh éagsúla lena chéile agus leis na hearnálacha úsáide deiridh.

Ba cheart beart a dhéanamh freisin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus tomhaltas fuinnimh a laghdú, agus chun dlús a chur le dícharbónú an stoic foirgneamh agus na hearnála iompair, earnáil nár éirigh léi in 2021 na spriocanna náisiúnta bliantúla maidir le hastaíochtaí a bhaint amach do na hearnálacha sin. Is féidir ídiú breosla iontaise a laghdú trí úsáid níos mó a bhaint as soghluaisteacht chomhroinnte agus iompar poiblí inbhuanaithe. Tá moill shuntasach tagtha ar líonraí leictreachais na Gearmáine a leathnú. Is iad na príomhchonstaicí, i measc nithe eile, castacht agus fad na nósanna imeachta pleanála, ceadanna agus achomhairc. Mar gheall ar an moill ar fhairsingiú na ngréasán leictreachais, tá sé riachtanach foinsí inathnuaite fuinnimh a laghdú i réimsí áirithe. Ina theannta sin, déanann na moilleanna maidir le heangacha leictreachais a leathnú difear suntasach do ghréasáin na mBallstát comharsanachta ós rud é nach leor acmhainn an líonra laistigh den Ghearmáin chun na toirteanna leictreachais a thrádáiltear laistigh den chrios praghsanna faoi seach a iompar. Tá gealltanús tugtha ag an rialtas sciar na bhfoinsí inathnuaite fuinnimh a mhéadú go 80 % faoi 2030 agus tá togra reachtach le haghaidh dlí maidir le fuinneamh inathnuaite á phlé ag Parlaimint na Gearmáine faoi láthair arb é is aidhm dó gar-neodracht i ndáil le gás ceaptha teasa a bhaint amach faoi 2035 in earnáil an leictreachais. Mar sin féin, tá an t-imscaradh inathnuaite, go háirithe an ghaoth ar tír, thíos leis an moilliú suntasach le blianta beaga anuas mar gheall ar na bacainní cur chun feidhme atá fós ann. Áirítear ar dheireadh a chur le bacainní ar chur chun feidhme céimeanna a ghlacadh chun coinbhleachtaí maidir le húsáid na talún a réiteach go luath, rialacha achair íosta a éascú, feabhas a chur ar úsáid na pleanála spásúlachta chun criosanna a shainnithint d'úsáid fuinnimh gaoithe, agus é a dhéanamh níos éasca ceadanna a fháil. Is féidir feabhas a chur ar an nglacadh áitiúil, lena n-áirítear trí phróiseas comhairliúcháin níos cuíchóirithe, rannpháirtíocht na saoránach agus comhroinnt ioncaim i dtionscadail a mhéadú. Leis an méadú ar fhoinsí inathnuaite fuinnimh agus leis an méadú ar éifeachtúlacht fuinnimh, ní hamháin go laghdófar spleáchas ar allmhairí fuinnimh ach laghdófar praghsanna fuinnimh i bhfad níos lú freisin. Ar deireadh, is féidir an rannpháirtíocht sa chomhar trasteorann a bhaineann le fuinneamh a neartú tuilleadh, agus is féidir solúbthacht agus acmhainn sreafa cúltreo a mhéadú maidir leis an idirnasacht atá ann cheana.

- (30) Cé go mbeidh costais shuntasacha athstruchtúraithe i roinnt earnálacha mar thoradh ar an dlús atá curtha leis an aistriú i dtreo na haeráidneodrachta agus ar shiúl ó bhreoslaí iontaise, is féidir leis an nGearmáin úsáid a bhaint as an Sásra um Aistriú Cóir i gcomhthéacs an bheartais chomhtháthaithe chun tionchar socheacnamaíoch an aistrithe a mhaolú sna réigiúin is mó atá buailte. Ina theannta sin, is féidir leis an nGearmáin leas a bhaint as Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>23</sup>, chun deiseanna fostaíochta a fheabhsú agus comhtháthú sóisialta a neartú.
- (31) I bhfianaise mheasúnú an Choimisiúin, scrúdaigh an Chomhairle Clár Cobhsaíochta 2022 agus léirítear a tuairim<sup>24</sup> i moladh (1).
- (32) I bhfianaise na dlúthnaisc idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro agus a rannchuidiú comhchoiteann le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta, mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, lena n-áirítear trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta, chun na moltaí atá leagtha amach i moladh 2022 maidir leis an limistéir euro a chur chun feidhme. I gcás na Gearmáine, léirítear é sin go háirithe i moltaí (1), (2) agus (3).
- (33) I bhfianaise ghrinn-athbhreithniú an Choimisiúin agus an mheasúnaithe uaidh, scrúdaigh an Comhairle Clár 2022 um Athchóiriú Náisiúnta agus Clár Cobhsaíochta 2022. Léirítear a moltaí faoi Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 i moltaí (1), (2), (3) agus (4). Cuidíonn moltaí (1), (2) agus (3) freisin le cur chun feidhme Mholadh 2022 maidir leis an limistéir euro, go háirithe an chéad agus an ceathrú moladh maidir leis an limistéir euro. Cuidíonn beartais fhioscacha dá dtagraítear i moladh (1) agus beartais dá dtagraítear i moltaí (2), (3) agus (4) aghaidh a thabhairt, *inter alia*, ar mhíchothromaíochtaí a bhaineann le barrachas an chuntais reatha sa mhéid is a bhaineann le hinfheistíocht níos airde,

---

<sup>23</sup> Rialachán (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 (IO L 231, 30.6.2021, lch. 21).

<sup>24</sup> Faoi Airteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97.

AG MOLADH LEIS SEO go nglacfadh an Ghearmáin gníomhaíocht in 2022 agus 2023 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. In 2023, a áirithiú go mbeidh fás an phríomhchaiteachais reatha atá maoinithe go náisiúnta i gcomhréir le seasamh foriomlán neodrach beartais, agus tacaíocht leanúnach shealadach spriocdhírithé á cur san áireamh do theaghlaigh agus do ghnólachtaí is leochailí ó thaobh praghsanna fuinnimh de agus do dhaoine atá ag teitheadh ón Úcráin. Réidh chun an caiteachas reatha a chur in oiriúint don staid atá ag teacht chun cinn. Infheistíocht phoiblí a leathnú le haghaidh na n-aistrithe glasa agus digiteacha agus le haghaidh na slándála fuinnimh, lena gcuirtear san áireamh an tionscadal REPowerEU, lena n-áirítear trí leas a bhaint as an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus as cistí eile de chuid an Aontais. Le linn na tréimhse tar éis 2023, saothrófar beartas fioscach atá dírithe ar riochtaí fioscacha meántéarmacha stuama a bhaint amach. Feabhas a chur ar an meascán cánach ar mhaithe le fás níos cuimsithí agus níos inbhuanaithe, go háirithe trí fheabhas a chur ar dhreasachtaí cánach chun líon na n-uaireanta a oibríodh a mhéadú. Inbhuanaitheacht fhadtéarmach chóras na bpinsean a chosaint.
2. Dul ar aghaidh le cur chun feidhme a plean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na clocha míle agus na spriocanna a chuimsítear i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021. An chaibidlíocht leis an gCoimisiún maidir le doiciméid chlársceidealaithe an bheartais chomhtháthaithe le haghaidh 2021-2027 a chur i gcrích go tapa d'fhonn tús a chur lena gcur chun feidhme.
3. Deireadh a chur le bacainní infheistíochta agus borradh a chur faoin infheistíocht i líonraí cumarsáide digitéil fíor-ardacmhainne.
4. Spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus a n-allmhairí a éagsúlú trí éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, coigilteas fuinnimh a dhreasú, soláthairtí agus bealaí fuinnimh a éagsúlú, scrogaill infheistíochta a bhaint, tuilleadh cuíchóirithe a dhéanamh ar nósanna imeachta, borradh a chur faoin infheistíocht i ngréasáin leictreachais agus fuinneamh inathnuaite, agus dlús a chur leis an rannpháirtíocht sa chomhar trasteorann a bhaineann le fuinneamh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*